# Scoileanna Caitliceacha:

# Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

## 27 Eanáir – 3 Feabhra 2019

'Ba cheart gurbh é an t-oideachas in iomláine na daonnachta, príomhthréith na scoileanna Caitliceacha'

An Pápa Proinsias



# An Curaclam don Oideachas Reiligiúnach Réamhscoile & Bunscoile Caitliceach in Éirinn (Leibhéal 2)

| AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ | URNAÍ AGUS LIOTÚIRGE |
|---|---|
| **Rúndiamhair Dé**<br>• Cuir Dia Íosa chugainn mar chomhartha ghrá agus le múineadh dúinn conas grá a thabhairt dá chéile (LG 3; RDEC, 80; Eoin 17:21).<br><br>**Rúndiamhair Íosa Críost**<br>• Léiríonn Íosa grá Dé dúinn (1 Eoin 4:9).<br>• Mhúin Íosa dá dheisceabail conas guí (Matha 6:9-13; Lúcás 11:1-4).<br><br>**Rúndiamhair na hEaglaise**<br>(Teaghlach: Eaglais, pobal: séipéal)<br>• Clann Dé: Daoine den uile aois, cine, cultúr, ábaltacht (CCC 775).<br>• Cruinníonn clann Dé lena chéile i dteach Dé le hadhradh a dhéanamh (CCC 1069, 1071, 2179).<br>• An Pápa á aithint mar cheann na hEaglaise ar domhan (CCC 880-82; 936-37).<br>• An scoil Chaitliceach mar chuid den phobal. Obair na scoile Caitlicí. Éarlamh na scoile<br><br>**Traidisiúin Chreidimh Eile**<br>• Is baill d'aon teaghlach & comhluadar domhanda muid.<br>• Is duine luachmhar uathúil an uile dhuine againn os comhair Dé. | **Urnaí**<br>• Urnaí: Labhairt & Éisteacht le hÍosa (GDC 139).<br>• Mhúin Íosa dúinn conas guí tríd an 'Ár nAthair' (CCC 2607).<br>• Tá traidisiúin againn mar Chaitlicigh a mheabhraíonn dúinn go bhfuil Dia inár measc (Crosóg Bhríde a dhéanamh) (CCC 1180; CCC 1674).<br><br>**Urnaí Fhoirmiúil(ó Leibhéal 1)**<br>• Fíor na Croise<br>• Glóir don Athair<br>• 'Sé do Bheatha a Mhuire (CCC 2676)<br>• Ár nAthair (CCC 2759)<br>• Paidir na Maidine<br>• Paidir na hOíche<br>• Altú Roimh & i nDiaidh Béilí<br>• Paidir don Aingeal Coimhdeachta<br><br>**Na Sacraimintí**<br>• D'iarr Íosa ar a lucht leanta an maithiúnas a bhronnadh (RP 12). Smaoinítear air san Ár nAthair<br><br>**An tAifreann**<br>4. Moladh agus Buíochas<br>• An tAifreann: ceiliúradh ar leith le buíochas a ghabháil do Dhia ár nAthair as gach a ndearna sé dúinn, agus as Íosa a chur chugainn. |
| **BRIATHAR DÉ** | **AN MHORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ** |
| **An Bíobla**<br>• Is é an Bíobla briathar Dé, Dia ag labhairt linn (DV 11-13; 21-26).<br><br>**Saol Poiblí Íosa (CCC 543-56; 857-62)**<br>• Matha 4:23-5. Íosa & na hEasláin.<br>• Marcas 1:29-31. Máthair chéile Shíomóin á leigheas.<br>• Marcas 5:21-24; 35-43. Iníon Iáras.<br>• Lúcás 19:1-10. Zacháias. | **An Dínit Dhaonna**<br>• Is é toil Dé é go mbeadh meas agus grá ag cách dá chéile agus go mbeadh saol sona acu i dteannta a chéile.<br><br>**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**<br>• Thug Íosa aire don domhan cruthaithe.<br>• Tá sé de dhualgas orainn aire a thabhairt don chomhshaol (CCC 373; 2402, 2456; RH 15).<br>• Bhronn Dia an mianach ceart orainn aire a thabhairt don domhan. |

# Luan: Traidisiún Beo na Scoile Caitlicí

## 28 Eanáir 2019

*Gabhaimis buíochas leis na daoine a bhíonn ag múineadh sna scoileanna Caitliceacha. Is gníomh grámhar an múineadh, ar nós na beatha a bhronnadh ar dhuine*
An Pápa Proinsias, 1 Márta 2014

### Smaoinigh: Ár Scoil Chaitliceach

- Cad is ainm don scoil?
- An bhfuil ainm naoimh air (mura mbíonn, labhair faoi ainm an tséipéil áitiúil)?
- Cén leagan amach atá ar an scoil?
- Cén fáth gur áit ar leith í an scoil?
- Liostáil na daoine/grúpaí éagsúla ar scoil

### Urnaí

Smaoinigh ar phobal na scoile ina iomláine. (Sos)
Nuair a labhraímid le Dia bímid ag guí.
Tosaímid le fíor na croise: In ainm an Athar…
(Déan aithris ar an múinteoir)
*A Dhia grámhar, éist lenár nguí;*
*Tabhair aire ghrámhar don uile*
*dhuine againn anseo, inniu agus riamh. Amen.*

### Taighde: Baineann muintearas leis an scoil

- Glacaimid páirt i réimse gníomhaíochtaí ar scoil.
- Cad iad na rudaí a dhéanann an scoil uile/rang/grúpa?
- Cad iad na gníomhaíochtaí is fearr linn?
- Cé hiad na cuairteoirí a thagann chun na scoile?
- An dtugaimid aire dá chéile ar scoil? Ag súgradh? Lasmuigh? Sa seomra ranga?
- An dtugaimid aire do thimpeallacht na scoile?

### Machnamh

Is sa scoil Chaitliceach a fhoghlaimímid conas maireachtáil ar nós Íosa. Mhúin Íosa dúinn faoi ghrá a thabhairt do Dhia ár nAthair. Nuair a thugaimid grá dá chéile tá grá Dé á roinnt againn. Múineann Íosa dúinn a bheith cineálta cabhrach.

Deir sé go gcaithfear meas a léiriú ar a chéile agus ar an domhan a chruthaigh Dia mórthimpeall orainn. Bímid ag guí in aghaidh an lae. Cathain a bhímid ag guí ar scoil? Cad é an phaidir is fearr leat?
Mhúin Íosa dúinn conas guí chun an Athar. Guímid lena chéile:
Ár nAthair atá ar Neamh …

### Gníomhaigh

Cad é an scéal faoi Íosa is fearr leo? Tá rogha anseo:

**I nGrá Dé, Rang 1:**

- Pairiliseach á Leigheas ag Íosa (Matha 9:1-2, 6-8; Marcas 2:1-4, 10-12) Téama 2, Ceacht 3
- Íosa Óg sa Teampall (Luke 2:41-50), Téama 4, Ceacht 1
- Íosa le Marta & Máire (Lúcás 10:38-42) Téama 6, Ceacht 2

**I nGrá Dé, Rang 2:**

- Máthair chéile Shíomóin á leigheas (Marcas 1: 29-31), Téama 2, Ceacht 2
- Iníon Iáras (Marcas 5:21-24; 35-43), Téama 2, Ceacht 3
- Zacháias (Lúcás 19:1-10), Téama 5, Ceacht 2

Scríobh, priontáil nó tarraing an phaidir is fearr leat, déan é a mhaisiú agus a chur ar taispeáint.

Déan an phaidir is fearr leat a rá ar scoil agus sa bhaile.

**Nod don Oide:** Féach an bhfuil taithí ag na daltaí ar réimse paidreacha a d'fhoghlaimíodar sa bhaile nó sa pharóiste.

# An phaidir is ansa liom...

# Máirt: Fáilte Roimh Éagsúlacht sa Scoil Chaitliceach

## 29 Eanáir 2019

*Is féidir foghlaim ón dialóg nuair a dhéileáiltear leis an duine eile ar bhonn ceart measúil, agus éisteacht cheart á thabhairt, nuair a chuirtear tuairimí ar aghaidh go macánta gan caolú á dhéanamh ar ár dtuairimí féin, agus é faoi ghrásta an spioraid..........Iarrtar ar na scoileanna agus ar na hollscoileanna modh oibre chomhphlé intleachtúil a chur i bhfeidhm agus an aidhm leis an fhírinne a lorg.*
An Pápa Proinsias, 9 Feabhra 2017

### Smaoinigh: Conas mar a bhímid fáilteach ar scoil

Múineann Íosa dúinn go gcuirtear glao orainn grá Dé a roinnt le cách. Is sa Scoil Chaitliceach a bhronntar gradam measúil ar chách. Conas mar a bhímid ag déileáil leis na daoine eile ar scoil? Cén sórt teanga a úsáidimid?



Thug an Pápa Proinsias cuairt ar Éirinn, mí Lúnasa seo caite. Cuireann sé i gcuimhne dúinn, 'le do thoil', 'buíochas' agus 'tá brón orm' a rá nuair is gá.
Bain úsáid as na focail seo in aghaidh an lae nuair is gá.

### Urnaí

Fíor na Croise: In ainm an Athar...
(Déan aithris ar an múinteoir)
A Dhia grámhar, éist lenár nguí. Deonaigh go mbeidh an focal caoin in úsáid againn inniu agus i gcónaí. Amen.

### Taighde

Foghlaimímis teanga nua!
Iarr ar thuismitheoirí/chaomhnóirí aon teanga eile atá acu a roinnt libh.

| Gaeilge | le do thoil | go raibh maith agat | tá brón orm |
|---|---|---|---|
| Béarla | please | thank you | I am sorry |
| Polainnis | proszę | Dziękuję Ci | przepraszam |
| Araibis | رجاء<br>raja | شكرا<br>shukraan | انا اسف<br>'iinaa asif |
| Filipínis | pakiusap | salamat | patawad |
| Sínis | 请<br>**Qǐng** | 谢谢<br>**Xièxiè** | 对不起<br>**Duìbùqǐ** |
| Lámh (comharthaíocht) | | | |

### Machnamh
Smaoinigh ar dheiseanna inniu le: 'le do thoil'/'buíochas'/'tá brón orm' a rá.

### Gníomhaigh
Can 'Tá aiféala orm a Dhia' (I nGrá Dé, Rang 2, Téama 5)

**Féach** an físeán faoi shaol an Phápa Proinsias.
Ag: www.worldmeeting2018.ie/en/Pope- Francis/Pope-Francis

Déan an 'Sé do Bheatha a Mhuire a ghuí le comharthaí láimhe.
(I nGrá Dé, Lámhleabhar an Oide, Rang 1 l.99; Rang 2, l.107)

**Tarraing** pictiúr agus tú ag rá ceann acu: 'le do thoil'/'buíochas'/'tá brón orm'.

**Nóta don Oide**: Mínigh do na daltaí conas bolgáin chainte a úsáid.

Déan colláis/líontán focal de na frásaí agus na focail a úsáidtear ar scoil.

# Déardaoin: Ár Scoil Chaitliceach ag Freastal ar an bPobal

## 31 Eanáir 2019

*Aistear in éineacht leis an bpobal é, an naofacht a lorg. Déantar i gcomhar lena chéile é.*
Gaudete et Exultate (141)

### Smaoinigh: An pobal ina mairimid

Is éard is pobal ann ná comhluadar daoine a chónaíonn lena chéile agus a thugann aire dá chéile. Déan liosta de mhuintir an phobail a thugann aire dúinn. Bí ag caint faoin aire a léiríonn siad inár leith.

### Urnaí

In ainm an Athar...
(Déan aithris ar an múinteoir)
A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas as na baill phobail a thugann aire dúinn. Cabhraigh liom an cúram céanna a léiriú ina leith siúd. Amen

### Taighde

Tugaimid aire do dhaoine eile sa chomhluadar chomh maith. Bímid grámhar measúil sa bhaile. Bímid caoin agus cabhrach ar scoil. I measc phobal an pharóiste bímid ag guí ar ár son féin , agus ag ceiliúradh lena chéile sa séipéal.
Déan taighde faoi na bealaí ina mbímid ag tabhairt aire:

- Dá chéile i ngrúpaí phobail/cumainn spóirt.
- Do dhaoine nach mbaineann leis an bpobal áitiúil (m.sh. bronntaí, guí, tiomsú airgid).
- Don chomhshaol (m.sh. Bratach Ghlas, bailiú bruscair, athchúrsáil 7rl)

### Machnamh

Bainimid le comhluadar ar leith ar a dtugtar clann Dé.
Cruinníonn clann Dé lena chéile ag an Aifreann le buíochas a ghabháil as Íosa a bheith mar bhronntanas againn. Cathain a bhíonn an tAifreann á cheiliúradh i measc an phobail sin agaibhse? Gabhaimid buíochas nuair a bhímid ag urnaí. Cathain a bhímid ag guí? Cad iad na daoine go ndéanaimid guí ar a son? Cén fáth le go mbeimis ag gabháil buíochais le Dia inniu?

**Nod don Oide**: Is féidir dul siar ar phaidreacha mar Urnaí na Maidine, Altú Roimh agus i nDiaidh Béilí, Paidreacha na hOíche agus araile más gá.

### Gníomhaigh

Can 'Mo Chairde' (I nGrá Dé, Rang 1, Téama 2; Rang 2, Téama 1)

Féach an Físeán: Laudato Si': Aire don Domhan Coiteann.
Ag: https://vimeo.com/140633325

Déan colláis, nó líníocht nó scríobh faoin mbealach ina dtugann tusa aire i measc an phobail.

# Tugaim aire i measc an phobail...

# Aoine: Tacú le Creideamh sa Scoil Chaitliceach

## 1 Feabhra 2019, Lá Fhéile Bríde

*Tuigeann lucht an chreidimh go mbíonn Dia inár dteannta ar bhealach ciúin ag gach nóiméad dar saol, san uile dhuine, ionamsa agus ionatsa, i ngach sórt suímh.*
An Pápa Proinsias, Nua Eabhrac, Meán Fómhair 2015.

### Smaoinigh: Nuair a tharlaíonn rud an-speisialta, bímid ag ceiliúradh.

Bíonn bealaí éagsúla ann le ceiliúradh a dhéanamh.
- Bí ag caint faoi cheiliúradh a rinne tusa.
- Cad a bhíonn á cheiliúradh againn?
- Cathain a bhímid ag ceiliúradh?
- Cé a bhíonn páirteach linn sa cheiliúradh?

### Urnaí

In ainm an Athar... (Déan aithris ar an oide)
A Dhia ár nAthair,
Táimid buíoch as an gceiliúradh a dhéanaimid.
Cuir do bheannacht ar na daoine nach mbíonn ábhar ceiliúrtha ar bith acu.
Amen.

### Taighde

Inniu déanaimid ceiliúradh ar Lá Fhéile Bríde.

**Nod don Oide**: Téigh siar ar an eolas atá acu faoi Naomh Bríd.
- Cén lá naofa nó féilte eile a bhonn á cheiliúradh againn?
- Conas mar a dhéanaimid lá naofa nó féilte a cheiliúradh?
- (m.sh. guí/canadh/siombailí/seirbhís urnaí/Aifreann/Liotúirge/nósanna/traidisiún)

### Conas mar a dhéanaimid Lá Fhéile Bríde a cheiliúradh?

Cad iad na féilte a tharlaíonn ar na dátaí seo leanas?
- 17 Márta?
- 25 Márta?
- 25 Nollaig?
- 4 Deireadh Fómhair?
- 1 Samhain?
- 14 Feabhra?
- Lá féile éarlamh na scoile/an pharóiste?

### Gníomhaigh

Can 'Amhrán Naomh Bríd (I nGrá Dé, Rang 2, Ceacht Shéasúrach 4)
Téigh ar shiúlóid dúlra le comharthaí an Earraigh a fhiosrú.

**Urnaí chuig Naomh Bríd.**

# Naomh Bríd. Dathaigh an pictiúr

